Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**9975/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0072(NLE)**

**SCH-EVAL 113**
**VISA 112**
**COMIX 259**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Bealtaine 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9230/23 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht a rinneadh ar an m**Beilg** in 2022 maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse an **chomhbheartais víosaí** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht a rinneadh ar an mBeilg in 2022 maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 30 Bealtaine 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht a rinneadh ar an mBeilg in 2022 maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe d'Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí i leith na Beilge i mí Mheán Fómhair 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 170 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil ina bhfuil na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh ag an mBeilg chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá cur chun feidhme cuí na bhforálacha a bhaineann leis an méid seo a leanas, i measc nithe eile: iarratais ar víosaí a thaisceadh laistigh de 2 sheachtain ón dáta a iarradh an choinne; na forálacha a chomhlíonadh a bhaineann le ham próiseála na n-iarratas; cosaint sonraí i gcomhthéacs na tairsí ar líne d'iarratais ar víosa agus i gcomhthéacs thíolacadh na n-iarratas ar víosaí; fíorú cuí na ndoiciméad tacaíochta; chomh maith le próiseáil bhrostaithe na n-iarratas ar víosa arna dtíolacadh ag baill teaghlaigh de shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais, ba cheart tosaíocht a thabhairt do mholtaí cur chun feidhme 3, 4, 6, 11, 15, 16 agus 20 sa Chinneadh seo.

(3) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922[1] ón gComhairle ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, ba cheart na gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin maidir leis na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a dhéanamh, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922.

(5) Laistigh de 2 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo, ba cheart don Bheilg, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Bheilg an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

go ndéanfadh an Bheilg an méid a leanas:

---

1 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

**Faisnéis Ghinearálta**

(1) víosaí fadfhanachta a eisiúint, gan beann ar chuspóir an turais, d'iarratasóirí a bhfuil sé beartaithe acu fanacht níos faide ná 90 lá (cé is moite de thairbhithe Threoir 2004/38/CE[1] atá incháilithe do 'víosaí iontrála' i bhfoirm víosa gearrfhanachta);

(2) a áirithiú go soláthróidh an chonsalacht agus an soláthraí seirbhíse seachtrach an fhaisnéis ábhartha uile don phobal agus go gcoinneoidh siad cothrom le dáta í i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009[2] (an Cód Víosaí);

(3) a áirithiú gur féidir le hiarratasóirí ar víosa a n-iarratas a thaisceadh laistigh de 2 sheachtain ón dáta a iarradh an choinne mar a cheanglaítear leis an gCód Víosaí, mar shampla trí dhlús a chur leis na hiarrachtaí chun na baill foirne a bhfuil baint acu le próiseáil víosaí Schengen a threisiú agus trí dhul i gcomhar leis an soláthraí seirbhíse seachtrach/na soláthraithe seirbhíse seachtracha maidir leis an gcaoi leis an am feithimh ar choinní a laghdú i gcás ina mbíonn na moilleanna ann (go príomha) de bharr easpa ball foirne de chuid na soláthraithe seirbhíse seachtracha ;

(4) maidir leis an tairseach 'Visa On Web', an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go gcomhfhreagraíonn ábhar an leagain leictreonaigh/an leagain ar líne den fhoirm iarratais don leagan is déanaí den fhoirm aonfhoirmeach iarratais a leagtar amach in Iarscríbhinn 9 de Lámhleabhar an Chóid Víosaí I;

(b) go mbeidh an fhoirm iarratais leictreonach/ar líne ar fáil i roinnt leaganacha teanga, lena n-áirítear teanga oifigiúil thír óstach na gconsalachtaí (e.g. san Araibis i gcás iarratais a thaisctear sa Liobáin);

(c) a áirithiú nach bhfuil aon fhéidearthacht ann rochtain a fháil ar na sonraí a chuirtear isteach sa tairseach, go dtí go ndéanfar iarratas a thíolacadh go fisiciúil, lena n-áirítear i gcás soláthraithe seirbhíse seachtracha agus údaráis na Beilge;

[1] IO L 158, 30.4.2004, lgh. 77-123.
[2] IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

(d) go ndéanfar an tairseach a mhodhnú sa chaoi nach mbeidh an soláthraí seirbhíse seachtrach in ann sonraí maidir le hiarratais a mhodhnú gan eolas agus toiliú an iarratasóra a bheith aige;

(e) go gcuirfear an chonsalacht ar an eolas i gcónaí gurb é an soláthraí seirbhíse seachtrach a dhéanann modhnuithe sna sonraí maidir le hiarratais agus gur féidir leis an gconsalacht an fhaisnéis bhunaidh arna cur isteach ag an iarratasóir a aisghabháil go héasca más gá;

(f) go dtí go ndéanfar modhnú ar an gcóras, go ndéarfar leis an soláthraí seirbhíse seachtrach gan na sonraí arna gcur isteach ag an iarratasóir a mhodhnú mura bhfuil toiliú sainráite faighte uaidh/uaithi;

(g) a áirithiú nach mbeidh rochtain ag an soláthraí seirbhíse seachtrach a thuilleadh ar na sonraí arna gcur isteach sa tairseach 7 lá ar a dhéanaí tar éis don iarratas a bheith aistrithe chuig an gconsalacht;

(5) go ndéanfar athbhreithniú ar na seiceálacha uathoibrithe comhsheasmhachta i ndáil le tréimhse bhailíochta an víosa atá leabaithe sa chóras TF náisiúnta (VisaNet) chun dreasachtaí le haghaidh ionramháil sonraí neamhriachtanach a sheachaint i gcás oifigigh víosa;

(6) nach mbeidh níos mó ná 45 lá féilire i gceist le ham próiseála na n-iarratas ar víosa choíche agus nach gcuirfear síneadh leis an tréimhse sin ach i gcásanna aonair ina gcuirfear síneadh 15 lá féilire léi, go háirithe i gcás ina mbeidh gá le grinnscrúdú breise a dhéanamh ar an iarratas, agus é seo a áirithiú gan mhoill, mar a cheanglaítear faoin gCód Víosaí, tríd an údarú a dheonú do chonsalachtaí víosaí a dhiúltú agus catagóirí na n-iarratas nach mór a tharchur chuig an Oifig Inimirce a theorannú a thuilleadh, sin nó trí líon na n-acmhainní daonna a mhéadú go suntasach chun na spriocdhátaí a chomhlíonadh;

(7) go mbunófar teorainneacha ama le haghaidh stóráil sonraí sa chórais TF náisiúnta agus go n-áireofar go sciúrfar seanchomhaid go huathoibríoch ón gcóras;

(8) nach gceadófar an Córas Faisnéise Víosaí nuair a scrúdaítear iarratais ar víosa fadfhanachta (nó iarratais ar chead cónaithe), go dtí go dtiocfaidh Rialachán athchóirithe VIS[1] i bhfeidhm;

**Béiriút**

(9) a áirithiú nach mbaileofar méarloirg arís i gcás inar bailíodh méarloirg mar chuid d'iarratas a taisceadh tráth is lú ná 59 mí roimh dháta an iarratais nua;

(10) dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar cháilíocht na méarlorg atá le cur isteach sa Chóras Faisnéise Víosa agus na ceanglais cháilíochta sna bogearraí gabhála bithmhéadracha a oiriúnú más gá;

(11) athbhreithniú a dhéanamh, gan mhoill, ar mhéid na táille víosa a mhuirearófar in USD agus a áirithiú go gcomhfhreagraíonn sé do ráta tagartha malairte coigríche don euro arna leagan síos ag an mBanc Ceannais Eorpach nó a iarraidh go n-íocfar an táille víosa in euro;

(12) a áirithiú gur féidir le hiarratasóirí na doiciméid clárlainne sibhialta 'chaighdeánacha' ar a laghad a chur isteach san Araibis gan aistriúchán a dhéanamh orthu;

(13) staonadh óna iarraidh go córasach ar iarratasóirí cóipeanna de leathanaigh den doiciméad taistil a sholáthar nach iad an leathanach bithshonraí; i gcás ina measfaidh an chonsalacht gurb ábhartha cóipeanna de leathanaigh eile den doiciméad taistil a choinneáil, e.g. leathanaigh ina gcuimsítear víosaí a eisíodh cheana, féadfar cóipeanna nó scanadh den sórt sin a ghlacadh le linn an t-iarratas a scrúdú sa chonsalacht nó ag an soláthraí seirbhíse seachtrach saor in aisce;

(14) a áirithiú go ndéanfar na critéir incháilitheachta uile a sheiceáil in aon chéim amháin nuair a thosóidh an chonsalacht ar an iarratas a scrúdú;

(15) a áirithiú nach gcruthófar iarratais ar víosa sa Chóras Eorpach Faisnéise Víosaí ach amháin nuair a mheasfaidh an chonsalacht an t-iarratas a bheith inghlactha;

---

[1] Rialachán (AE) 2021/1134 an 7 Iúil 2021, (IO L 248, 13.7.2021, lgh. 11-87).

(16) a áirithiú go ndéanfaidh an chonsalacht doiciméid tacaíochta agus an fhaisnéis arna cur ar fáil ag an iarratasóir a fhíorú ar bhealach níos doimhne;

(17) a áirithiú go ndéanfar barántúlacht na ndoiciméad taistil a fhíorú go domhain aon uair a bhíonn ábhar amhrais ann, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na modhanna teicniúla atá ar fáil don chonsalacht;

(18) athmhachnamh a dhéanamh ar an nós imeachta um rialú na bhfillteacha nár cheart é a mheas mar choimirce chun riosca na himirce a mhaolú;

(19) a áirithiú go mbeidh cur amach ag baill foirne na consalachta ar 'Liosta de dhoiciméid taistil a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar doiciméid iad a fhéadfar a fhormhuiniú le víosa' agus ar na rialacha maidir le víosaí a eisiúint a bhfuil bailíocht chríochach theoranta acu;

(20) a áirithiú go gcinnfear iarratais ar víosa ó bhaill teaghlaigh de shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais a luaithe is féidir agus ar bhonn nós imeachta brostaithe i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE;

(21) a áirithiú go gcomhlíonann teangacha na foirme diúltaithe víosa an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 32(2) den Chód Víosaí, gan dochar a dhéanamh don chur chuige so-úsáidte atá ann faoi láthair.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---